☸An Lúibín☸

7 Feabhra 2005

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

As leabharlann an tsagairt
When Fr James O'Dwyer, an Irish speaker, came to Australia in 1920 he brought a library with him. These books, now almost a century old, are a window on the Revival.

Tá séipéal Naomh Pádraig suas an bóthar ó Ghordon, sráidbhaile i lár Victoria. Áit dhroimneach chrannach é Gordon, agus baint aige le bailecheantair agus bailte fearainn eile ar chuir na hÉireannaigh fúthu: Millbrook, Bungaree, Ballan, Springbank. Cuireadh na sceacha geala ar fud an cheantair seo, agus tá siad ag fás go fóill faoi scáth na gcrann guma. Tá teach an tsagairt ar chúl an tséipéil: teach mór brící, agus vearanda ina thimpeall. Sagairt ó Éirinn a bhíodh ina gcónaí ann, agus bhí seanleabhair Ghaeilge ann a foilsíodh i dtús na haoise seo caite. Tamall maith de bhlianta ó shin bhí siad le cartadh, ach sábháladh iad, agus i Melbourne atá siad anois.

Ar chuid de na fordhuilleoga tá an t-ainm Séamas Ó Duibhir le feiceáil; ar fhordhuilleog amháin (*Beatha Aodha Uí Néill*) tá an t-ainm Máire Ní Dhuibhir, agus an nóta aoibhinn seo sa sean-litriú: 'Do thug an t-Athair Pádraig Ó Riain an leabhar so dom nuair a bhidheamar ag an t-oireachtas i mBaile Átha Cliath 1906. An t-Athair Pádraig, Caiseal, do thug dom é. Ní h-é an t-Athair Pádraig ruadh é acht an t-Athair Pádraig dubh'.

Tugann na focail seo léargas ar shaol nach bhfillfidh: laethanta dóchais, an Conradh faoi bhláth, na mílte saothar Gaeilge á bhfoilsiú, súil le Home Rule, agus an chléir faoi réim go fóill.

Ní dóichíde rud de ná gurb é an fear a d'fhág na leabhair seo againn an sagart céanna a bhí ina chúl taca ag an nGaeilge sna fichidí. Sa bhliain 1920 a bhain sé Melbourne amach; sa bhliain 1921, agus é ag moladh Thraolaigh Mhic Shuibhne, Ardmhéara náisiúnach Chorcaí, dúirt sé gurbh fhiú an teanga a choinneáil beo. Arbh í Máire a dheirfiúr?

Ar na leabhair úd tá duanairí, graiméir, leabhair staire agus scéalta. Conradh na Gaeilge a chuir cuid acu amach, nuair a bhí slua ag foghlaim nó ag cleachtadh na teanga agus éileamh an diabhail acu ar ábhar léitheoireachta. Foilsíodh gach saghas ábhair, cé nach gcuirfeadh aon duine ach scoláire suim ina fhormhór anois. Sa chló Gaelach a tháinig na leabhair seo amach, cé go raibh caighdeánú éigin déanta ar an litriú faoin am sin, sa mhéid nach bhfuil sé ródheacair ag Gaeilgeoirí na linne seo é a léamh. Ó thaobh an dhéantúis de bhí caitheamh iontu, agus mairfidh siad na blianta fós.

Mar shampla den ábhar úd tá *Muinntear na Tuaithe*, úrscéal le Séamas Ó Dubhghaill a foilsíodh sa bhliain 1910 agus atá suite in iardheisceart na Mumhan. Tá snáithe an scéil neamhshocair; níl i gcuid mhaith de ach roinnt radharc ar an seansaol, cé go bhfuil brí agus greann le fáil ann. Seo sliocht mar shampla: buachaill atá ag dul le dinnéar chun na bhfear oibre. (Cuireadh litriú an lae inniu ar an sliocht seo, ach níor maolaíodh blas Muimhneach na hinsinte.)

> 'Anois,' arsa mise lem' mháthair, 'cé acu a bheidh in íochtar an chléibh, an bainne nó na prátaí?'

'Ba chóir go mbeadh 'fhios agat gur ag éirí a bhíonn an teas i gcónaí. Dá gcuirfeá na prátaí in íochtar an chléibh bheadh an ghal ag dul fén mbainne, agus bheadh an t-im leachta [leáite] agat sara mbeifeá leath na slí. Cuir an canna in íochtar, agus sop maith féir anuas air, agus ní baol dó teas na bprátaí i mbarr an chléibh.'

Do dheineas rud uirthi, is bhí gach aon rud feistithe ceangailte agam, mo chipín biorrach im' láimh agam, agus mé ullamh chun bóthair díreach agus an clog ag bualadh a haon.

Siúd chun siúil mé soir an bóithrín. Bhí tiníl ar thaobh an bhóithrín leithead cúpla páirce ón dtigh, agus geata ar an mbóithrín cois na tiníleach. Dob éigean domsa stad chun an geata d'oscailt. Chuala an liú ar dtaobh thiar díom. D'fhéachas siar, is cé bheadh ann ná Léan Thaidhgín agus saothar uirthi, ag rith im' dhiaidh ar a croí dícheall.

'Cad tá ort?' arsa mise nuair do chonac í.

'Is cuma leatsa cad tá orm; mise ag rith id' dhiaidh, is ag glaoch ort agus ná leogfá [ligfeá] ort gur chualaís mé.'

'Mhaise go deimhin féin níor chuala; ach tuige an saothar agus an anaithe ar fad?'

'Nach deas an teachtaire bídh [bia] thusa. B'é dearmad an chléirigh ar a chlog agat é, agus na sceana d'fhágaint id' dhiaidh.'

'Ach cogar, a Léan,' arsa mise, 'nár chóir gur oraibhse a bheadh an milleán san, is nach ormsa; ach is dócha gurab amhlaidh a bhíonn an scéal i gcónaí, pé duine a ólann é 'sé Domhnall a dhíolfaidh as.'

'Seo, cuir chugat na sceana is bí ag bogadh leat. Dúirt do mháthair liom a rá leat a bheith abhaile in am chun na mbó do sheoladh abhaile chun crúite.'

'Slán an scéalaí,' arsa mise go searbh, is do chomáineas [thiomáin mé] liom soir an póirsín.

As scéalta den saghas seo a fáisceadh leabhair eile agus leabhair ab fhearr. Thug an tAthair Séamas leis ábhar léitheoireachta a raibh ina chomhartha ar bhláthú litríocht na Gaeilge san aois a bhí le teacht, agus atá ina léiriú anois ar stair na teanga san Astráil.

Cuirfimid fáilte roimh eolas breise ar na cúrsaí seo.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Ó na nuachtáin Ghaeilge
What was happening in 1998? A backward glance through Foinse.

Is iomaí duine a déarfadh gur suimiúla na sean-nuachtáin ná na cinn a tháinig amach ar maidin. Ní nuacht í ach stair, agus níl na scéalta á mbrú sa mhullach ort, rud ar faoiseamh ann féin é. Thángamar ar roinnt eagrán de Foinse de chuid na seanaimsire – an bhliain 1998 sa chás seo. Ní aoibhinn an léargas a thugann siad ar Éirinn i gcónaí, agus is fiú a fhiafraí anois cén t-athrú nó cén feabhas a tháinig ar chúrsaí idir an dá linn.

De réir tuairisce le Dónall Ó Maolfabhail ar **10 Bealtaine 1998**, dúirt Cumann Teifigh na hÉireann go bhfuil fianaise acu go raibh buíon ar leith ag siúl sráideanna Bhaile Átha Cliath ar lorg teifeach lena mbualadh. Ba dhóigh leo go raibh méadú suntasach tagtha ar an méid ionsuithe, cé gur shéan na Gardaí é. Dúirt an tUasal Mohammed Haji, ball den Chumann, gur

ionsaíodh seachtar teifeach ar a laghad le dhá sheachtain anuas. Aineolas ba bhun leis an ngráin chine seo, dar leis. 'Maidir liom féin táim tar éis cairde maithe a dhéanamh ó tháinig mé go hÉirinn. Ní hamháin nach daoine frithchiníocha iad seo ach is daoine ciallmhara, taitneamhacha iad'.

Deir tuairisc le Antain Mac Lochlainn ar **31 Bealtaine 1998** go raibh an ganntanas múinteoirí i scoileanna na tíre chomh holc sin go raibh rialacha na Roinne Oideachais i ngeall ar cháilíochtaí á sárú go forleathan. Dúirt an INTO gur minic nach raibh de rogha ag na scoileanna ach glacadh le múinteoirí ionadaíochta nach raibh aon cháilíocht fhoirmeálta acu. Ní raibh bunchéim ag cuid acu, agus ní raibh an Ard-Teistiméireacht féin ag cuid eile.

San eagrán céanna deir Máirtín Mac Cormaic go raibh i bhfad níos mó múinteoirí (754) ag múineadh Gaeilge i mbunscoileanna lánGhaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht ná mar atá ag múineadh i scoileanna Gaeltachta (462). Agus níor cuireadh san áireamh an líon múinteoirí a bhí ag múineadh trí Ghaeilge mar shruth ar leith i scoileanna Béarla.

De réir tuairisce le Alex Hijmans ar **7 Meitheamh 1998**, dúirt Cathal Goan, Ceannasaí TnaG go raibh £3 mhilliún breise in aghaidh na bliana ag teastáil ó Theilifís na Gaeilge (le cois an £10.6m a bhí acu cheana) chun go mbeidís in ann leanacht ar aghaidh mar a bhí. Gan an maoiniú breise sin ní bheidís in ann coinneáil orthu ag craoladh ar feadh ceithre huaire an chloig in aghaidh an lae. Dúirt Muiris Mac Conghail, iarcheannasaí Clár RTÉ, nár réiteach é an £3 mhilliún ar fhadhbanna airgeadais TnaG ach go bhfuil fadhb níos bunúsaí ann. 'Tá fadhb mhór le sceideal TnaG, toisc go bhfuil sé ró-chúng agus ró-bhearnach.'

Is é an rud ba mheasa a thit amach sa bhliain 1998 ná an scrios a rinne buama na hÓmaí. Bhí Anton Mac Cába ann agus rinne cuntas air (**23 Lúnasa 1998**). 'Tharla an t-ár ba mheasa i stair Thuaisceart Éireann 400 slat ó dhoras an tí s'agamsa, ar lá samhraidh chomh haoibhinn agus a bhí ann le fada'. Chuaigh sé amach nuair a chuala sé an phléasc agus ba ghearr go bhfaca sé an t-uafás. Tháinig boladh na feola dóite chuige, agus bhí crotanna dubha ar an talamh: 'Ansin mhothaigh mé go raibh cuid acu ag bogadh, dá mba ar éigean é, gur chréatúir bhochta iad a dódh ag an phléascadh agus a bhí ag saothrú an bháis. Na crotanna eile, ba chorpáin iad'. Ní raibh scileanna leighis aige, agus b'fhearr leis nach gcaithfidís 'na bomaití deireannacha a bhí acu ar an saol seo agus fear ag stánadh orthu, fear nach raibh ach sa bhealach. Theith mise ón uafás sular tháinig mé chomh fada le bun na sráide: thiontaigh mé ar mo shála'.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Criól na leabhar

The old Irish is dying and a new kind is being born. Which should be the language of literature?

Sa bhliain 1999 foilsíodh sliocht as caint a rinne an file Liam Ó Muirthile ag Scoil Gheimhridh Merriman i gCathair na Mart (*Cuisle*, eagrán 6). Tamall roimhe sin, i gcolún leis san Irish Times, chuir sé síos ar 'chréól nua na cathrach,' Gaeilge mheasctha a bhí bunoscionn le teanga an tseansaoil. Más criól í an teanga feasta, a dúirt sé ag Scoil Merriman, b'fhéidir go gcaithfidh gnéithe den fhriotal liteartha a scaradh leis an teanga stairiúil agus friotal dá cuid féin a chruthú as an nua.

> Tharlódh gur scarúint chomh cinniúnach a bheadh inti agus a tharla nuair a chinn lucht na Athbheochana san aois seo caite slán a fhágaint ag na hársaitheoirí. Fiú más créól cruthaitheach an toradh, cothromaíocht oilte idir dhá theanga sa drámaíocht, i ngnéithe den phrós, agus i réimeanna áirithe den bhfilíocht.

Dúirt sé go mbeadh an criól sin inniúil ar ghnéithe den saol a ionramháil, agus pobal a bhaint amach, ar shlite a bhfuil an litríocht ag teip glan ar é a dhéanamh faoi láthair: 'Mura bhfuil ar

bun ag litríocht ach buanú sainiúlachtaí teangan nach bhfuil de shainiúlacht leo ach scáileanna na staire, táimid i gcruachás ceart'.

Nó i bhfocail eile: An féidir le scríbhneoir faic a chur in iúl i dteanga nach bhfuil ag freagairt ar shlí éigin do ghnáthchaint na sráideanna? Léiríonn friotal an scríbhneora an dearcadh atá aige i leith a phobail, a staire agus na léitheoirí a bheidh feasta ann. Is ceadmhach dó a rogha friotal agus stíl a úsáid, agus bíonn toradh ar gach rogha.

Ar feadh an chuid is mó den 20ú haois, nuair a bhí anam fós sa teanga thraidisiúnta, bhí scríbhneoirí Gaeilge i réim arbh as an nGaeltacht dóibh nó a raibh dlúthbhaint acu léi. Ní gá ach Seán Ó Ríordáin, Máire Mhac an tSaoi agus Máirtín Ó Cadhain a lua, agus tá slua eile ann. De réir a chéile tháinig scríbhneoirí nua ann a tógadh i saol eile, agus a rian sin ar a shaothar agus a bhfriotal: rian na loime agus na teirce, a déarfadh daoine éigin, ach bhí an loime féin ina comhartha ar nádúr an tsaoil sin, gan teacht aige ar an seansaibhreas ná mórán suime aige ann, go fiú. Ach chloígh an dream sin féin le 'ceart' na teanga fós, cibé athrú eile a rinne siad. Anois tá an criól ann, cé nach ngéilltear fós dó; ach cad is criól ann sa chás seo? Gaeilge a tháinig faoi anáil na cathrach, faoi anáil na háite ar beo di feasta; Gaeilge a rinne cleamhnas le teanga eile i mbéal na ndaoine.

Ní mar a chéile iad riamh caint agus scríbhneoireacht. Difríocht bhríomhar í: tagann an dá rud faoi anáil a chéile, bíonn siad ag treascairt agus ag saibhriú a chéile. Le fada an lá bhí caint na ndaoine agus Gaeilge na scol ag oibriú ar a chéile ar an dóigh seo; anois tá iomrascálaí eile ag dul sa choimhlint: an Béarla. Ós teanga chathrach í an Ghaeilge anois ní féidir léi teacht slán agus bláthú mura ndéanann sí comhréiteach leis an teanga is treise. Tríd an ngnáthchaint a dhéantar sin, daoine ag meascadh focal agus ag comhchumadh canúna a oireann dá gcás. Bíonn an difríocht úd ann i gcónaí, agus rachaidh an Ghaeilge 'cheart' i bhfeidhm ar an meascán freisin. As sin a fáiscfear caighdeán nua de shaghas éigin.

Cad tá le déanamh ag an scríbhneoir Gaeilge nach Éireannach é (agus tá a leithéidí ann)? Tá sé scartha amach ó chúrsaí teanga in Éirinn; rudaí eile atá ag dul i bhfeidhm air – Gaeilge na leabhar agus ngraiméar, Gaeilge na gcainteoirí dúchais a tháinig i dtír roinnt mhaith blianta ó shin agus a thug leo leagan den teanga atá ag meath in Éirinn féin. Níl pobal Gaeilge ann fós san Astráil; níl an chomhchaint ann a bhfáiscfí canúint dár gcuid féin aisti. Cibé Gaeilge atá againn is baolach go mbeidh sí calctha, coimeádach, gan bhlas gan tathag. Ní mór don scríbhneoir an gléas seo a ghabháil, a lúbadh, a chur ag rince de réir an tsaoil atá ina thimpeall. Ní gá *ozchanúint* ar leith a chumadh chuige, ná sainábhar dúchasach a úsáid; an tAirgintíneach Juan Luis Borges, a scríobh roinnt scéalta cáiliúla faoi shaolta samhlaithe, dúirt sé go raibh siad ar na scéalta ab Airgintíní dá chuid, díreach toisc nach raibh tréithe náisiúnta ag baint leo. (Scríobh sé scéalta eile, áfach, atá saillte le samhaltais dhúchasacha.) Ní call do scríbhneoir ar bith blas naofa an náisiúnachais a fhágáil ar a shaothar, ach más é atá i gceist ná nádúr an ghléas scríbhneoireachta agus an chaoi a bhfreagraíonn sin don saol atá á chíoradh, is furasta don scríbhneoir Gaeilge a bheith i bponc. Ach, mar a deir Ó Muirthile féin:

> Níl an dúchas naofa. Níl in aon dúchas ach an athnuachan a deintear as an nua ar an ndúchas, an fhuil agus an t-allas a chaitear ó lá go lá le saothrú na teangan, í ag gabháil chuici *réalité charnelle* an tsaoil agus na samhlaíochta.
>
> Ceann de na slite chun an dúchas so a athnuachan ná é chur as a riocht, ar an gcoinníoll fhios a bheith age duine cad iad na rialacha atá sé a bhriseadh – cad ar mhaithe leis!

Tá sé de bhuntáiste ag scríbhneoirí Gaeilge neamhÉireannacha (an beagán atá ann) go bhfuil a ndúchas le cruthú fós acu, rud a thugann saoirse neamhchoitianta dóibh má tá sé de mhisneach agus de shamhlaíocht acu cuing na sinsear a bhriseadh. Ní easpa eolais ar na rialacha ach a mhalairt is mó a chuirfeadh as dá leithéidí, b'fhéidir: cluiche faichilleach a imirt

faoi scáth na gramadaí, agus tarraingt ar chora cainte – rud a chuireann fearg ar an bhfile agus é ag scrúdú staid na litríochta sa bhaile:

> Ach le bheith fírinneach fén scéal is mar seo atá. Nathanna ón bhfoclóir a bhíonn á gcaitheamh chugainn níos minicí ná a mhalairt.

Tá mealladh sna sean-nathanna, ach d'imigh an saol sin. B'fhéidir nár mheasade cuid mhaith de scríbhneoireacht chomhaimseartha na Gaeilge crothán nathanna, mar sin féin – rud ar bith a laghdódh leimhe na stíle, cé nach leigheasfadh sé leimhe an ábhair. Beidh siad ar fáil go deo ag an té ar féidir leis iad a láimhseáil go healaíonta, ach ní fiú iad a úsáid le cumha i ndiaidh an tseansaoil – go dtuga Dia suaimhneas dó. Tuama teanga is ea an foclóir mór: cuid mhaith dá bhfuil ann tá sé dulta i gcré.

Fáilte mar sin roimh an gcriól – má tá fáil agat air agus lé agat leis. Tiocfaidh a lá más olc maith linn é, cé gur fada go sroichfidh sé an Astráil. Ach sin scéal eile.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

The next Irish-Australian Conference will be held on 22-24 June this year at University College Cork. The theme will be Cultural Identities and Cultural Transmission*, and papers are invited.*

Páipéir ag Teastáil

An 14ú Comhdháil Ghael-Astrálach
Corcaigh, 22-24 Meitheamh 2005

Féiniúlacht Chultúrtha agus Tíolacadh Cultúir

Cuireann an chomhdháil idirnáisiúnta Léinn Éireannaigh seo fáilte roimh pháipéir faoi Éirinn agus faoi na hÉireannaigh thar lear, go háirithe más faoi Éireannaigh san Astráil agus sa Nua-Shéalainn iad. Beidh cúrsaí cultúir ar na téamaí móra. Ainmníodh Corcaigh mar Phríomhchathair Eorpach an Chultúir le haghaidh na bliana 2005, rud a thugann deis do dhaoine ar an gcaidreamh tábhachtach daonna sin a chíoradh in áit oiriúnach.

D'fhéadfaí an t-ábhar a leanas a phlé:

Cultúr ábhartha; cultúr na ndaoine; litríocht; ceol; rince; ealaín; scannánaíocht; ailteoireacht; cultúr a thíolacadh le peann agus le béal; anáil chultúrtha; cómhalartú cultúir idir pobail; comhshamhlú cultúrtha agus scaipeadh cultúir sa phobal mór; buanú nó lagú cultúir sa phobal sin.

Is tráthúil an téama an cultúr, agus Corcaigh mar atá sa bhliain 2005, ach cuirfear fáilte freisin roimh pháipéir a phléann cúrsaí staire, polaitíochta, creidimh, cineáil, imirce, tíreolaíochta agus geilleagair in Éirinn, san Astráil agus sa Nua-Shéalainn, agus a phléann an bhaint atá ag na tíortha sin lena chéile.

Beidh an chomhdháil ar siúl ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Cuirfear suíomh ar bun amach anseo agus eolas ann ar an gclár, ar chlárú agus ar lóistín.

Ba chóir eolas a iarraidh ar an té atá thíos, agus tairiscintí páipéar a chur chuige le hachoimre 100 focal agus le teideal , roimh 1 Bealtaine 2005:

Dr Larry Geary,
History Department,
University College Cork,
Ireland

Guthán: +353 21 4903047
Facs: +353 21 4273369
Ríomhphost: l.geary@ucc.ie

♦❖♦❖♦

Mura mian leat An Lúibín a fháil, cuir teachtaireacht chun: colger@melbpc.org.au.